Cartlannaithe á Lorg

Tá Europus ag lorg daoine díograiseacha chun tabhairt faoi chláir Drámaíochta, Siamsaíochta agus Spóirt TG4 a chartlannú. Obair chruinn ó thaobh teanga agus sonraí a chlárú a bheidh i gceist. Togra bliana atá i gceist ar dtús agus beidh an té a cheapfar fostaithe ag Europus agus lonnaithe i gceannáras TG4, Baile na hAbhann.
D'fhéadfaí fad a chur leis an téarma fostaíochta níos faide amach.
Cuirfear oiliúint chuí idir phróisis agus theicneolaíocht ar fáil.

Fáilteofar roimh iarratais ó:

Céimithe Gaeilge a bhfuil scileanna teicneolaíochta acu
Céimithe Teicneolaíochta a bhfuil cruinneas i scríobh
agus i labhairt na Gaeilge acu
Cainteoirí cruinne ó dhúchas ar céimithe iad agus scileanna teicneolaíochta acu

Beidh buntáiste ag an té a bhfuil tuiscint agus cleachtadh aige nó aici ar obair sna meáin chumarsáide agus ar spéis leo cúrsaí drámaíochta, siamsaíochta agus spórt.

Seol iarratas mar aon le CV chuig:
Europus, An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-595492 | eolas@europus.ie

Dé hAoine an 31 Lúnasa an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

EUROPUS TG4